I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

TUAIRIMÍ

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 579Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, 14.6.2023. - 15.6.2023

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — 'I dtreo Comhairle Eorpach um Beartas Bia mar shamhail nua rialachais le haghaidh thodhchaí Chreat an Aontais maidir le Córais Bhia Inbhuanaithe'

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 293/01)

Rapóirtéir: **Piroska KÁLLAY**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	1.6.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.6.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	579
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	179/1/2

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá cor cinniúnach roimh chóras bia an Aontais Eorpaigh, agus tá pola-ghéarchéim le sárú ina leith lena n-áirítear dúshláin éagsúla chomhshaoil, aeráide, sláinte agus shóisialta a bhfuil baint acu le chéile. I bhfianaise phráinn na géarchéime sa chóras bia agus an ghá atá le hathrú mear iompraíochta, creideann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur tráthúla ná riamh an iarraidh uaidh go gcruthófaí 'Comhairle Eorpach um Beartas Bia'.

1.2. Measann CESE go gcabhródh Comhairle den chineál sin le cur chuige níos comhtháite agus níos rannpháirtí a bhaint amach maidir le ceapadh beartas bia, go gcuirfí dlús le hailíniú beartas ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil agus, níos tábhachtaí fós, go méadódh sé cáilíocht agus dlisteanacht bheartas bia an Aontais. Chuideodh sé sin freisin le forbairt tuaithe agus uirbeach níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chothú.

1.3. Is díol sásaimh do CESE gur fógraíodh creat an Aontais maidir le córais bhia inbhuanaithe lena leagfar síos an dúshraith do na hathruithe sistéamacha nach mór do na geallsealbhóirí uile ar fud an tslabhra luacha a dhéanamh. Tá sé á chur i bhfios go láidir aige gur cheart don Choimisiún reatha an creat a mholadh gan mhoill chun aghaidh a thabhairt go tráthúil ar dhúshláin na gcóras bia — bheadh rath na straitéise 'Ón bhfeirm go dtí an forc' i mbaol dá mbeadh moill ar bith ann. Tá CESE á iarraidh ar an gCoimisiún tiomantas a thabhairt do rannpháirtíocht struchtúrtha na ngeallsealbhóirí agus na sochaí sibhialta i rialachas nua an chreata sin, agus tá sé á chur i bhfios aige go n-oirfeadh coincheap na Comhairle Eorpaí um Beartas Bia go maith dó.

1.4. Tá CESE á thabhairt dá aire gurb ann d'ardáin a bhaineann le bia ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, ach creideann sé nach leor na fóraim sin atá ann cheana chun córas bia inbhuanaithe agus cóir agus ullmhacht don athléimneacht a bhaint amach go héifeachtach ar leibhéal an Aontais. Measann CESE, dá bhrí sin, gur gá an daonlathas bia a neartú tuilleadh agus a leabú i bpróiseas an bheartais bia.

1.5. Measann CESE gur ardán eolaíochtbhunaithe, il-gheallsealbhóra agus il-leibhéil í an Chomhairle Eorpach um Beartas Bia agus gur struchtúr institiúideach, neamhspleách í a bhfuil na gnéithe seo a leanas san áireamh inti:

— saineolaithe acadúla agus eolaithe,

— gníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia (feirmeoirí, gnólachtaí agus próiseálaithe bia, miondíoltóirí, ceardchumainn, etc.), gníomhaithe an chórais oideachais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (líonraí frithbhochtaineachta, bainc bhia, ardáin shóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus forbartha); ionadaithe na hóige. Moltar go mór freisin go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach sa Chomhairle Eorpach um Beartas Bia chun go ndéanfaí machnamh ar na hathruithe is gá sa mhargadh saothair.

— ionadaithe institiúideacha (an Pharlaimint, an Chomhairle, an Coimisiún, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR)).

Tar éis na chéad chéime, ba cheart ionadaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus ionadaithe ó chomhairlí um beartas bia a bheith ar áireamh sa Comhairle Eorpach um Beartas Bia freisin. Ar an gcaoi sin, déanfar líonrú eagraithe a áirithiú idir na leibhéil ábhartha agus ceart ionadaithe na mBallstát chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú ar leibhéal an Aontais. Faoi láthair, níl na comhairlí náisiúnta um beartas bia forleathan go leor chun a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht chomhionann ar gach tír.

1.6. Bheadh ar an gComhairle Eorpach um Beartas Bia a bheith ina struchtúr iontaofa trédhearcach agus rannchuidiú leis na saincheisteanna bia a shainaithnítear mar dhúshláin i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe. Go háirithe, ba cheart don Chomhairle Eorpach um Beartas Bia an méid seo a leanas a áirithiú:

1.6.1. gur comhlacht institiúideach atá inti ar cheart d'institiúidí an Aontais a bheith tiomanta di agus ceannach isteach polaitiúil a áirithiú;

1.6.2. go mbeidh comhairle fhónta, roghanna beartais fianaisebhunaithe agus moltaí á soláthar aici ar bhonn leanúnach maidir le todhchaí chóras bia an Aontais, córas ar cheart é a bheith de cheangal ar institiúidí an Aontais aiseolas agus freagraí réasúnaithe a thabhairt ina leith;

1.6.3. go gcuirfear feabhas ar an gcomhleanúnachas idir réimsí beartais (amhail an comhbheartas talmhaíochta, an comhbheartas iascaigh, an ceart chun bia, reachtaíocht a bhaineann le haistí bia sláintiúla, soláthar poiblí, beartais oideachais, etc.) agus go gcuirfear nuálaíochtaí sóisialta chun cinn i dtreo dhea-bhail ghníomhaithe uile an bhiashlabhra, agus an gá atá le hathnuachan glúine feirmeoirí á chur san áireamh. Go háirithe, measann CESE go bhfuil sé tábhachtach na saincheisteanna bia a dtabharfar aghaidh orthu mar thosaíocht sa chóras oideachais a shainaithint, i gcomhar le hearnáil an agrai-bhia agus na húdaráis oideachais ábhartha;

1.6.4. go ndéanfar foráil, i ndeireadh na dála, do líonra na gcomhairlí um beartas bia ar leibhéal an Aontais lena gcruthófar ardán malartaithe dea-chleachtas agus léargais chun bonn eolais a chur faoi bheartas an Aontais agus tionchar a imirt air.

1.7. Tá CESE réidh chun spás tionóil a chur ar fáil don Chomhairle Eorpach um Beartas Bia. Tá dea-shampla ann cheana féin, is é sin Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh, ar tionscnamh comhpháirteach é de chuid CESE agus an Choimisiúin.

2. **Cúlra**

2.1. Tá pola-ghéarchéim os comhair ár gcóras bia ina bhfuil dúshláin éagsúla idirghaolmhara, lena n-áirítear [1]: cinn a bhaineann leis an gcomhshaol (astaíochtaí gás ceaptha teasa a ghintear ón gcaoi a ndéanaimid ár mbia a tháirgeadh, a phróiseáil agus a thomhailt, cailliúint bithéagsúlachta, ídiú stoc éisc, cailliúint ábhair orgánaigh san ithir, creimeadh ithreach agus dúshláin eile nach iad), cinn a bhaineann leis an tsláinte (méadú ar ghalair a bhaineann le haiste bia), dúnadh feirmeacha, easpa rochtana ar bhia inbhuanaithe sláintiúil, agus drochdhálaí oibre. Ag an am céanna, tá na córais bhia ag fulaingt cheana féin faoi bhrú an iliomad suaití aeráide, patrúin athraitheacha aimsire, cliseadh éiceachórais agus díghrádú talún, ithreacha agus uiscebhealaí. Ar deireadh, bíonn tionchar ag faisnéis agus cumarsáid mhíthreorach ar dhíospóireachtaí faoi chórais bhia, agus is ag dul in olcas de réir a chéile atá an fhadhb sin.

([1]) *Transforming Europe's food system – Assessing the EU policy mix – European Environment Agency (europa.eu)* agus cur i láthair Prof. De Schutter, ag CESE an 14 Aibreán 2023.

2.2. Tá creat nua an Aontais maidir le córais bhia inbhuanaithe á dhréachtú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair, creat a ndearnadh foráil dó sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus atá le foilsiú faoi dheireadh 2023. Leagfar síos sa chreat sin an dúshraith do na hathruithe sistéamacha nach mór do na geallsealbhóirí uile sa chóras bia a dhéanamh, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, oibreoirí gnó agus tomhaltóirí, chun dlús a chur leis an aistriú chuig córas bia inbhuanaithe an Aontais. Trí bhíthin an chreata, cuirfear bonn ar fáil freisin don tsamhail rialachais a bheidh ann amach anseo do na córais bhia agus rannchuideofar le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chuige sin, beidh gá le réitigh chomhoibritheacha chuimsitheacha a mbeidh ranna, aireachtaí, earnálacha agus slabhra iomlán an tsoláthair bia rannpháirteach iontu. Tá CESE ag iarraidh go nglacfaí creat maidir le córais bhia inbhuanaithe go práinneach chun aghaidh a thabhairt go tráthúil ar dhúshláin na gcóras bia — d'fhéadfaí cur isteach ar rath na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' dá mbeadh moill ar bith ann. Ba cheart cuspóirí faoi cheangal ama, táscairí lenar féidir dul chun cinn a thomhas, agus sásraí ceartaitheacha a chuirfear i bhfeidhm má chailltear na spriocanna a chur san áireamh sa chreat.

2.3. Tá sé léirithe níos mó ná riamh i dtuairimí ó CESE roimhe seo ([2]), agus ag saineolaithe eile agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, má táthar chun aistriú an chórais bia i dtreo torthaí níos inbhuanaithe a chothú gur gá an daonlathas bia a neartú. I bhfianaise phráinn na géarchéime sa chóras bia ([3]), arb é an cogadh san Úcráin ba chúis léi gan amhras, agus i bhfianaise an ghá atá le hathrú mear iompraíochta, ní tráth faillí é seo agus ní mór socruithe rialachais níos éifeachtaí agus níos dlisteanaí a chothú láithreach bonn. Trí rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne agus rannpháirtíocht gheallsealbhóirí an chórais bia a mhéadú, creidtear go gcuirfidh nuálaíochtaí daonlathacha amhail comhairlí um beartas bia le cáilíocht agus dlisteanacht cheapadh an bheartais bia ([4]).

2.4. Sainmhínítear comhairlí um beartas bia mar chomhghuaillíochtaí pobalbhunaithe de gheallsealbhóirí éagsúla a oibríonn le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le bia i réigiún geografach ar leith ([5]). Tá amhras tarraingthe ar chruinneas an téarma 'beartas' toisc nach mian le cuid de na comhairlí, na comhghuaillíochtaí bia nó na coistí sin go mbreathnófaí orthu mar eintitis pholaitiúla, fad is go ndíríonn cuid eile acu ar chláir chomh maith le beartas. Bíonn geallsealbhóirí ó gach cuid den chóras bia rannpháirteach sna heagraíochtaí sin atá tiomanta don chuimsitheacht agus do na prionsabail dhaonlathacha. Tugtar le chéile daoine aonair, rialtais áitiúla, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ionadaithe ó earnálacha eacnamaíocha éagsúla — talmhaíocht, cúram sláinte agus oideachas — chun comhoibriú ar thionscnaimh um beartas bia lena gcuirtear rochtain ar bhia sláintiúil, inacmhainne agus inbhuanaithe chun cinn do gach ball den phobal ina bhfuil siad bunaithe.

2.5. Bhí na chéad chomhairlí um beartas bia le feiceáil sna Stáit Aontaithe sna 1980í ([6]) agus tá siad ag méadú agus ag dul in éagsúlacht ó shin i leith. Cé gurbh fhada gur thosaigh an Eoraip le gluaiseacht na gcomhairlí um beartas bia, le deich mbliana anuas tá méadú suntasach tagtha ar líon na gcomhairlí sin ar fud na hEorpa ([7]). De réir na litríochta acadúla, tháinig borradh fúthu i ndáiríre san Eoraip in 2015 le daingniú Chomhshocrú Milano maidir le Beartas Bia Uirbeach, comhaontú idirnáisiúnta maidir le beartais bhia uirbeacha arna síniú ag níos mó ná 260 cathair ar fud an domhain. Thacaigh sin le comhairlí um beartas bia a chur ar bun i roinnt cathracha/réigiúin Eorpacha. Tá comhairlí tagtha chun cinn freisin i réigiúin thuaithe nó fho-uirbeacha, gan a bheith nasctha go díreach le cathair ([8]).

2.6. Bíonn comhairlí um beartas bia ag oibriú de ghnáth ar leibhéal réigiúnach agus/nó leibhéal áitiúil, cé go bhfuil roinnt comhairlí um beartas bia ag leibhéal stáit/cúige agus náisiúnta. Is minic gur bealach iad chun nasc a chruthú arís idir cathracha agus an táirgeadh bia sna réigiúin thart timpeall orthu agus rialachas éifeachtach na mbeartas bia áitiúil agus réigiúnach a áirithiú, ach is féidir leo a bheith ábhartha freisin do phobail neamhuirbeacha. Is féidir féachaint orthu mar

([2]) I measc nithe eile, IO C 129, 11.4.2018, lch. 18 agus IO C 429, 11.12.2020, lch. 268 agus tuairimí eile nach iad.
([3]) Féach na tuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide: www.ipcc.ch/report/sixth-assessment-report-cycle/.
([4]) *Power to the people? Food democracy initiatives' contributions to democratic goods*, Jeroen J. L. Candel, Bealtaine 2022.
([5]) Féach na sainmhínithe sna hairteagail acadúla seo a leanas: *Opportunities and challenges of food policy councils in pursuit of food system sustainability and food democracy–a comparative case study from the Upper-Rhine region* (Mooney, 2022) agus *Food Policy Councils: Lessons learned* (Harper et al., 2009).
([6]) Bunaíodh an chéad Chomhairle um Beartas Bia sna Stáit Aontaithe in Knoxville, Tennessee, i 1982.
([7]) Tá samplaí de chomhairlí Eorpacha um beartas bia nó tionscnaimh uirbeacha chomhchosúla maidir le bia le feiceáil i dtionscadail Fhís 2020 agus Fhís Eorpach ina ndírítear ar bheartais agus uirlisí agraibhia chun córais bhia a fheabhsú amhail Cities2030, FoodSHIFT 2030, FoodCLIC, FEAST agus FOOD TRAILS.
([8]) Franzen-Castle, L. *et al. Engaging Rural Community Members with Food Policy Councils to Improve Food Access: Facilitators and Barriers. Journal of Hunger & Environmental Nutrition* 17, 207–223 (2022).

líonraí a nascann cuspóir na hinbhuanaitheachta le spriocanna an daonlathais agus an dea-rialachais trí phróisis rannpháirtíochta, chomhoibríocha agus phléiteacha a thionscnamh i measc feirmeoirí, fiontraithe bia, tomhaltóirí agus eile. I measc na mórshamplaí san Aontas Eorpach tá Comhairle na Catalóine ([9]) um beartas bia a cuireadh ar bun in 2017. Comhoibríonn sí le 42 bhaile agus tá 33 bhall ina comhlacht bainistíochta, lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla, príomhghníomhaithe an tslabhra bia, agus daoine ó cheantair thuaithe (cé go bhfuiltear ag féachaint ar é a leathnú le cúigear comhaltaí nua a dhéanfaidh ionadaíocht ar na haireachtaí oideachais, cultúir agus comhionannais agus feimineachais, i measc aireachtaí eile). Tá Líonra na gComhairlí um Beartas Bia (2016) ann freisin a thugann le chéile 30 comhairle áitiúil um beartas bia atá bunaithe ar chineálacha cur chuige ón mbun aníos (ón nGearmáin den chuid is mó) agus 40 tionscnamh bunaidh.

2.7. Níl an oiread céanna comhairlí náisiúnta um beartas bia san Aontas Eorpach. Sa Fhrainc, is comhlacht comhairleach neamhspleách do na hairí í an Chomhairle Náisiúnta Bia ([10]) a dtéitear i gcomhairle léi maidir le forbairtí i ndáil le beartas bia agus a eisíonn tuairimí chun cinntí poiblí agus páirtithe leasmhara éagsúla sa bhiashlabhra a threorú maidir le hábhair amhail cáilíocht bhia, faisnéis do thomhaltóirí, cothú, slándáil sláinte, rochtain ar bhia agus cosc géarchéimeanna. Líonra na Fraince do gheallsealbhóirí i mbeartas talmhaíochta agus bia uirbeach ([11]), a bunaíodh in 2000, is ea *Terres en ville*. Trína bhíthin sin, déantar cathracha agus comhlachais talmhaíochta na Fraince ([12]) a bhfuil spriocanna comhroinnte acu a thabhairt le chéile chun beartais mheitreapholaiteacha talmhaíochta agus bia a fhorbairt idir oifigigh tofa áitiúla agus gairmithe. Is iad na húdaráis phoiblí a mhaoiníonn agus a stiúrann na tionscadail bhia chríochacha sin, rud a fhágann go mbíonn teannas ann uaireanta le leibhéil institiúideacha eile. Is léir ón taithí a fuarthas an easpa rannpháirtíochta atá ag saoránaigh i gceapadh beartas bia (ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta). Sa Phortaingéil, bunaíodh Comhairle Náisiúnta um Shlándáil Bia agus Cothú (CONSANP) in 2018 ([13]). I Lucsamburg, beartaíodh i gComhaontú Comhghuaillíochta Lucsamburg 2018-2023 ([14]) comhlacht il-gheallsealbhóra a bhunú ar a dtabharfaí an Chomhairle Náisiúnta um Beartas Bia, ach níl sé socraithe go hoifigiúil go fóill. San Ísiltír, tá sé beartaithe cruinniú mullaigh de chuid na saoránach maidir le todhchaí na talmhaíochta a chur ar bun, ach go dtí seo níl tacaíocht ná maoiniú ar bith faighte aige ó lucht ceaptha beartas ([15]).

2.8. Is fiú freisin an tSaotharlann Nordach um Beartas Bia a chruthaigh Comhairle na nAirí Nordach ([16]) le haghaidh Chomhairle na nAirí Nordach a lua, agus é d'aidhm aige 'aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna bia a sainaithníodh mar dhúshláin i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaith'.

2.9. Sna tuairimí uaidh ([17]), d'iarr CESE go gcruthófaí 'Comhairle Eorpach um Beartas Bia' a chuideodh le cur chuige níos comhtháite agus níos rannpháirtí a bhaint amach maidir le ceapadh beartas bia, a chuirfeadh dlús le hailíniú beartas ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, a chuirfeadh ardán ar fáil do gheallsealbhóirí chun foghlaim óna chéile trí dhea-chleachtais a roinnt, agus a d'áiritheodh go gcuirfí gach dearcadh ó na hearnálacha éagsúla san áireamh.

2.10. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo smaointe nithiúla a chur ar fáil maidir le rialachas na gcóras bia agus rannpháirtíocht fhiúntach struchtúrtha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear rannpháirtíocht daoine óga, i bhforbairt, i bhfaireachán agus i gcur chun feidhme na mbeartas bia. Féachtar sa tuairim freisin ar conas páirt a thabhairt do na húdaráis atá freagrach as an oideachas agus d'ionadaithe na sochaí sibhialta idir scoileanna agus tuismitheoirí na ndaltaí d'fhonn luathoideachas na nglúnta atá le teacht a chothú maidir le bia inbhuanaithe agus sláintiúil, bunaithe ar an obair a rinneadh le déanaí maidir le hoideachas don óige ([18]) agus maidir le scéim scoile an Aontais ([19]).

3. **Ceachtanna a foghlaimíodh ó na comhairlí um beartas bia atá ann cheana ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta**

3.1. A bhuí leis na comhairlí um beartas bia atá ann cheana léirítear meascán d'eagraíochtaí a bhfuil foirmeacha agus struchtúir dhlíthiúla agus eagraíochtúla éagsúla acu, a bhfuil misin, cuspóirí agus gníomhaíochtaí acu atá curtha in oiriúint do riachtanais agus tosaíochtaí an phobail uirbigh a bhfreastalaíonn siad orthu, idir eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, foirmeacha hibrideacha agus comhlachtaí rialtais (áitiúla). Tá cineálacha éagsúla cur chuige agus modheolaíochtaí rannpháirtíochta acu chun córais bhia uirbeacha a fhorbairt agus a chlaochlú.

([9]) Consell Català de l'Alimentació
([10]) Le CNA: www.cna-alimentation.fr/
([11]) Terres en villes: www.terresenvilles.org/.
([12]) Montpellier, Rouen, Voiron, Le Havre, Artois (Béthune, Bruay-en-Artois), Douai, Angers, Rennes, Saint-Nazaire, Nantes, Lorient, Toulouse, Grenoble, Saint-Étienne, Lyon, Besançon, Dijon, Nancy, Metz, Amiens, Lille, Auxerre, Poitiers (2022).
([13]) Conselho Nacional de Segurança Alimentar e Nutricional entra em funcionamento.
([14]) *Food Policy Council*: https://food.uni.lu/projects/research-projects/food-policy-council/.
([15]) https://g1000landbouw.nl
([16]) *Nordic Food Policy Lab*: www.norden.org/en/nordic-food-policy-lab.
([17]) IO C 129, 11.4.2018, lch. 18 agus IO C 429, 11.12.2020, lch. 268 agus tuairimí eile nach iad.
([18]) IO C 100, 16.3.2023, lch 38.
([19]) Tuarascáil faisnéise CESE Meastóireacht ar Scéim Scoile an Aontais.

3.2. Is cosúil go bhfuil comhsprioc i réim ar fud na n-eagraíochtaí sin ar fad, eadhon an gá atá le córas bia inbhuanaithe atá níos sláintiúla, níos trédhearcaí agus níos cothroime a fhorbairt do chách. Áirítear ar na cuspóirí eile atá ag comhairlí áitiúla agus réigiúnacha um beartas bia biafhlaitheas a bhaint amach, slabhraí soláthair bia atá níos giorra agus áitiúil a fhorbairt, cur amú bia a laghdú, gairdíní pobail a chur ar bun, cathracha agus ceantair thuaithe a nascadh le chéile, margaí bia áitiúla a fhorbairt, talmhaíocht uirbeach a chur chun cinn agus cultúr bia spleodrach a chothú.

3.3. Chun an sprioc sin a bhaint amach, glacann na heagraíochtaí seo páirt i raon leathan gníomhaíochtaí nach mbíonn baint acu le forbairt beartais, comhairle beartais ná athrú beartais i gcónaí. Tháinig formhór na gcomhairlí um beartas bia ar an bhfód mar thoradh ar chur chuige ón mbun aníos agus tacaíonn siad le líonrú, abhcóideacht, oideachas, ardú feasachta agus forbairt tionscadail. Is ar chúrsaí beartais a dhíríonn cuid eile acu, amhail sa Fhrainc.

3.4. Tá sé d'aidhm ag na comhairlí um beartas bia pobalbhunaithe go mbeidh an 'daonlathas bia' mar phrionsabal treorach le haghaidh nósanna imeachta. Le struchtúir eagraíochtúla maidir le comhordú, comhairle agus mar sin de, ligtear do gheallsealbhóirí éagsúla páirt a ghlacadh i gcúrsaí ceannaireachta, i gcúrsaí cúnaimh, i gcomhpháirtíochtaí agus i róil féinrialaithe eile. Den chuid is mó, duine ar bith a bhfuil suim acu i saincheisteanna a bhaineann le córas bia inbhuanaithe agus atá toilteanach cloí le prionsabail dhaonlathacha, tá cead acu a bheith ina mball de na comhairlí um beartas bia. Chomh maith leis an ngnáthbhallraíocht, is minic comhpháirtíochtaí institiúideacha á bhforbairt ag comhairlí um beartas bia le gníomhaireachtaí rialtais, le gnólachtaí agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i dtaca leis na córais bhia atá ann faoi láthair a athrú i dtreo na hinbhuanaitheachta; tá na comhpháirtíochtaí sin bunaithe freisin ar chleachtais dhaonlathacha lena n-áirítear rialú comhchoiteann agus an chinnteoireacht. Ar deireadh, téann comhairlí um beartas bia i gcomhpháirt leis an rialtas (áitiúil) mar mhórléiriú ar an rialachas daonlathach.

3.5. Ó thaobh na gcomhairlí um beartas bia de, is í inbhuanaitheacht an chórais bhia an sprioc uileghabhálach lena ndírítear ar spriocanna straitéiseacha (ginearálta) amhail tacú le córais bhia athléimneacha, rochtain ar aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe agus eolas orthu a mhéadú, cur amú bia a chomhrac tríd an ngeilleagar ciorclach, tacú le forbairt eacnamaíoch, cothromas sa chóras bia a chur chun cinn, inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn, agus eolas agus éileamh ar bhia sláintiúil a mhéadú.

3.6. Maidir le comhairlí um beartas bia, tá dhá chineál de struchtúir dhlíthiúla ceannasach san Eoraip: comhlachais agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, struchtúir ón mbun aníos arna gcruthú ag an tsochaí shibhialta agus struchtúir ón mbarr anuas arna mbunú ag na húdaráis bhardasacha áitiúla. Chomh maith le saoránaigh, tugann formhór na gcomhairlí um beartas bia réimse leathan ball le chéile lena n-áirítear gnólachtaí príobháideacha, riaracháin phoiblí agus geallsealbhóirí in earnálacha an bhia, na sláinte agus an oideachais. Tugann siad le chéile freisin ionadaíocht leathan ar ghrúpaí sóisialta ón bpobal áitiúil.

3.7. Tá éagsúlacht shuntasach i gcistiú agus i maoiniú na gcomhairlí um beartas bia. Tá foireann atá á híoc agus/nó cláir agus tionscadail (móra) maoinithe ag roinnt comhairlí um beartas bia ach braitheann cuid eile acu go hiomlán ar ranníocaíochtaí agus ar shaorálaithe. Tá foinsí maoinithe éagsúla ann idir tacaíocht bhliantúil rialtais, táillí ballraíochta, deontais taighde nó deontais eile, tacaíocht ó fhondúireachtaí príobháideacha agus tabhartais. Is iad gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid, ranníocaíochtaí na mball, tabhartais agus fóirdheontais/deontais phoiblí na príomhfhoinsí maoinithe atá ag na comhairlí um beartas bia a bunaíodh mar eagraíochtaí nó comhlachais neamhbhrabúsacha, agus braitheann na comhairlí um beartas bia arna mbunú ag údaráis bhardasacha ar bhuiséad bliantúil ón gcomhairle cathrach den chuid is mó.

3.8. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann freisin: léirítear le taighde go bhféadfadh míbhuntáistí a bheith ag baint le comhairlí um beartas bia agus/nó nach bhfeidhmeoidís go barrmhaith i gcónaí ([20]), e.g. mura bhfuil dóthain ionadaíochta ag na grúpaí is leochailí nó má bhíonn tionchar mór ag leasanna dílsithe. Dúshlán tábhachtach eile is ea go bhfuil cáilíocht an phlé ag brath ar rannpháirtíocht chomhionann, ar dhea-éascú próisis agus ar fhócas ar eolas/luachanna seachas ar leasanna. Dá bhrí sin, tá sé á chur i bhfios go láidir ag CESE an gá atá le fíorchuimsitheacht agus plé ar ardcháilíocht sna comhairlí um beartas bia, rud a bhfuil níos mó i gceist leis ná ballraíocht oscailte chun fíor-ionadaíocht a áirithiú, go háirithe i gcás grúpaí a bhíonn faoi ghannionadaíocht de ghnáth sa tsochaí.

3.9. Creideann CESE freisin gur cheart do na Comhairlí um Beartas Bia dul i dteagmháil leis na glúnta óga, lena n-áirítear tríd an oideachas. Ba cheart tús áite a thabhairt don oideachas a bhaineann le córais bhia inbhuanaithe le haghaidh na nglúnta atá le teacht ag díriú ar eolas maidir leis na nithe seo a leanas: aistí bia inbhuanaithe agus sláintiúla; an slabhra táirgthe ó thús go deireadh le go sainaithneofar cé a tháirgeann an bia agus conas a tháirgtear é; agus míniú a thabhairt ar an dáileadh a dhéantar inár gcóras bia, is é sin ón bhfeirmeoir nó ó phóraitheoirí beostoic go dtí go n-ídíonn saoránaigh an

([20]) *Power to the people?Food democracy initiatives' contributions to democratic goods.*

táirge deiridh. Dá bhrí sin, molann CESE go mbeadh na húdaráis inniúla oideachais rannpháirteach sna comhairlí um beartas bia chun na saincheisteanna bia a dtabharfar aghaidh orthu mar thosaíocht sa chóras oideachais a shainaithint, i gcomhar leis an earnáil agraibhia. Thairis sin, ba cheart tacú le hoideachas leanaí tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil do thuismitheoirí agus trí oideachas na saoránach ([21]).

4. **Glao ar Chomhairle Eorpach um Beartas Bia**

4.1. Ba láidir an cur chuige ón mbun aníos sna comhairlí um beartas bia ach ní raibh sé in ann tionchar a imirt ar dhul chun cinn ná ar athléimneacht ar an leibhéal Eorpach. Is cinnte go ndéanfar athchóiriú ar rialachas na gcóras bia agus ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach ina n-athbhunaítear an daonlathas agus an chuntasacht i leith na gcóras bia. Ní mór an creat maidir le córais bhia inbhuanaithe a bheidh ann amach anseo a stiúradh go cúramach, agus athrú comhordaithe á áirithiú ar fud na n-earnálacha. Is trí chuntasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú gur féidir dul timpeall ar chrosadh na sealbhóirí sin nach bhfuil mórán spéise acu san athrú, agus gur féidir tionchar beartais bhia atá an-chuimsitheach a mheas, a athbhreithniú agus a fheabhsú go rialta. Sin an fáth a gcreideann CESE go mbeidh bunú na Comhairle Eorpaí um Beartas Bia ina chéim ríthábhachtach chun fís chuimsitheach maidir le beartas bia a chomhlíonadh ([22]).

4.2. Maidir le Comhairle Eorpach um Beartas Bia ba cheart na nithe seo a leanas a áirithiú:

4.2.1. go bhfuil sí eolaíochtbhunaithe agus go gcuirfear sásra comhairle eolaíche ar fáil; gur foinse iontaofa taighde agus comhairle eolaíche a bheidh inti a bhfuil muinín ag daoine aisti.

4.2.2. go bhfuil na páirtithe seo a leanas san áireamh inti:

— saineolaithe acadúla agus eolaithe (laistigh den Chomhairle Eorpach um Beartas Bia nó mar bhord comhairleach);

— gníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia (feirmeoirí, gnólachtaí agus próiseálaithe bia, miondíoltóirí, ceardchumainn, etc.), gníomhaithe an chórais oideachais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (líonraí frithbhochtaineachta, bainc bhia, ardáin shóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus forbartha); ionadaithe na hóige; comhpháirtithe sóisialta;

— ionadaithe institiúideacha (an Pharlaimint, an Chomhairle, an Coimisiún, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún).

4.2.3. gur cheart, tar éis na chéad chéime, ionadaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus ionadaithe ó chomhairlí um beartas bia a bheith ar áireamh sa Chomhairle Eorpach um Beartas Bia, agus líonrú eagraithe a bheith ann idir na leibhéil ábhartha. Faoi láthair, níl na comhairlí náisiúnta um beartas bia forleathan go leor chun a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht chomhionann ar gach tír.

4.2.4. go mbeidh sí mar chomhlacht institiúideach ar cheart d'institiúidí an Aontais a bheith tiomanta dó agus ceannach isteach polaitiúil a áirithiú: comhlacht neamhspleách, údarásach le haghaidh na pleanála fadtéarmaí, comhlacht neamhrannach ar féidir a bheith muiníneach as (comhlacht suaitheanta), comhlacht a bhfuil sé d'aidhm aige cuidiú le tabhairt faoi thodhchaí an bhia i dtreo córais bhia inbhuanaithe agus gníomhú mar ghiaráil.

4.2.5. go mbeidh comhairle fhónta, roghanna beartais fianaisebhunaithe agus moltaí á soláthar aici ar bhonn leanúnach maidir le todhchaí chóras bia an Aontais, córas ar cheart é a bheith de cheangal ar institiúidí an Aontais aiseolas agus freagraí réasúnaithe a thabhairt ina leith. Ba cheart di féachaint ar roghanna maidir le conas gealltanais an Aontais atá ann cheana a chomhlíonadh agus faireachán a dhéanamh orthu, agus measúnú a dhéanamh freisin ar phleananna náisiúnta um beartas bia, agus iad sin a thiontú ina dtéarmaí beartais le go spreagfar dul chun cinn sóisialta tríd an mbia. Ar deireadh, ba cheart di páirt a ghlacadh sa phlé maidir le feidhmiú na gcóras domhanda bia.

4.2.6. go gcuirfear feabhas ar an gcomhleanúnachas idir réimsí beartais (amhail an comhbheartas talmhaíochta, an comhbheartas iascaigh, an ceart chun bia, reachtaíocht a bhaineann le haistí bia sláintiúla, soláthar poiblí, beartais oideachais, etc.) a bhuí léi agus go gcuirfear nuálaíochtaí sóisialta chun cinn i dtreo dhea-bhail ghníomhaithe uile an bhiashlabhra, agus an gá atá le hathnuachan glúine feirmeoirí á chur san áireamh.

([21]) IO C 100, 16.3.2023, lch 38.

([22]) Tuarascáil bia IPES: CFP_FullReport.pdf (ipes-food.org), agus De Schutter, O., Jacobs, N. agus Clément, C., 2020, '*A Common Food Policy' for Europe: How governance reforms can spark a shift to healthy diets and sustainable food systems*', *Food Policy 96*.

4.2.7. go gcothófar, i ndáil le comhairlí um beartas bia, cineálacha cur chuige ón mbun aníos i dtaca le córais bhia áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta inbhuanaithe agus go dtacófar leo (ó thaobh airgeadais agus struchtúir de), go rachfar i ngleic leis an deighilt tuaithe/uirbeach agus an deighilt idir táirgeoirí agus tomhaltóirí trí thacú leis an idirphlé sibhialta (lena n-áirítear ionadaithe na hóige, grúpaí leochaileacha agus imeallaithe na sochaí, gníomhaithe tuaithe, comhpháirtithe sóisialta), go gcumasófar forbairt chórasach na gcomhairlí um beartas bia, agus sineirgí á gcothú idir na húdaráis áitiúla agus an tsochaí shibhialta.

4.2.8. go ndéanfar foráil, i ndeireadh na dála, do líonra na gcomhairlí um beartas bia ar leibhéal an Aontais lena gcruthófar ardán malartaithe dea-chleachtas agus léargais chun bonn eolais a chur faoi bheartas an Aontais agus tionchar a imirt air.

4.2.9. go gcuirfear sineirgí ar fáil le hardáin eile de chuid an Aontais atá ann cheana amhail Comhghuaillíocht an Aontais um Beartas Bia ([23]), an tArdán maidir le Cur Amú Bia ([24]), Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh (ECESP) ([25]) agus Comhshocrú an Aontais um an Tuath ([26]).

4.3. Tá CESE réidh chun spás tionóil a chur ar fáil don Chomhairle Eorpach um Beartas Bia. Tá dea-shampla ann cheana féin, is é sin Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh, ar tionscnamh comhpháirteach é de chuid CESE agus an Choimisiúin ([27]).

An Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([23]) Comhghuaillíocht an Aontais um Beartas Bia.
([24]) Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Caillteanas Bia agus Cur Amú Bia.
([25]) Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh.
([26]) Comhshocrú an Aontais um an Tuath.
([27]) Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh.